

“Clinical Patient Management System (CPMS) European Reference Network on Rare and Complex Connective Tissue and Musculoskeletal Diseases (ERN ReCONNET)”

Líonra Tagartha Eorpach um Ghalair Neamhchoitianta agus Aimpléiseacha Fhíocháin Tacaíochta agus Mhatánchnámharlaigh (ERN ReCONNET) CPMS

Is feidhmchlár slán bunaithe ar an líonra é an **Córas Bainistíochta Cliniciúla Othar (CPMS)** a thacaíonn le *Líonraí Tagartha Eorpacha (ERNanna)* i ndiagnóis agus i gcóireáil galar nó riochtaí aimpléiseacha neamhchoitianta nó neamh-fhorleathana trasna teorainneacha náisiúnta.

Leis an **CPMS** is féidir le cliniceoirí othair a chlárú a thug a gcead a gcuid sonraí a chomhroinnt ar an ardán fíorúil seo. Ag an am céanna, le CPMS féadann gairmithe cúraim sláinte comhoibriú go gníomhach trí shamhlacha cuimsitheacha comhroinnte sonraí.

Leas breise d’othair a bhfuil galar neamhchoitianta orthu

Soláthraíonn an córas **CPMS** ionstraim fhíorthábhachtach ar son othar a bhfuil *galar neamhchoitianta aimpléiseach* orthu, mar is féidir le gairmithe cúraim sláinte ar fud na hEorpa cásanna cliniciúla a phlé i dtimpeallacht shlán chosanta. Ina theannta sin, agus an CPMS ag tabhairt le chéile soláthraithe cúraim sláinte atá ardspeisialaithe i ngalair aimpléiseacha neamhchoitianta nó neamh-fhorleathana, éascaítear agus feabhsaítear diagnóis, cóireáil agus biseach ar chaighdeán beatha daoine a bhfuil galar neamhchoitianta orthu.

Príomhthréithe CPMS

- Ardán slán chun sonraí othar a chomhroinnt
- Samhlacha caighdeánaithe faisnéise cliniciúla
- Córais ointeolaíochta atá aitheanta go hidirnáisiúnta
- Saoráid Físchomhdhálaithe
- Criptiú sonraí
- Sreabhadh Oibre Comhairliúcháin Barrfheabhsaithe
- Amharcóirí Raideolaíochta agus Paiteolaíochta

An bhfuil cás cliniciúil ar bith agat le plé sa CPMS? Déan teagmháil linn ag ern.reconnet@ao-pisa.toscana.it!

Le tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin ERN ReCONNET:

<http://reconnet.ern-net.eu>

Lean muid ar ár na meáin shóisialta: LinkedIn, Twitter, Cainéal YouTube, Facebook, Instagram, haischlib #ERNReCONNET

Cláraigh lenár gCainéal YouTube agus lenár Nuachtlitir chun an nuacht is déanaí a fháil!

ERN ReCONNET

Comhordaitheoir an Líonra, an tOll. Marta Mosca

Azienda Ospedaliero-Universitaria Pisana

Via Roma, 67

56100 Pisa (an Iodáil)

Tá ERN ReCONNET ar cheann de na 24 Líonra Tagartha Eorpacha (ERNanna) a fhaomh Bord ERN na mBallstát. Tacaíonn an Coimisiún Eorpach leis na ERNanna. Le tuilleadh eolais a fháil faoi na ERNanna agus faoi straitéis sláinte an AE, tabhair cuairt ar: ec.europa.eu/health/ern

Seol r-phost chugainn ern.reconnet@ao-pisa.toscana.it